RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/378 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Márta 2022

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha abaimeictin, *Bacillus subtilis* (Cohn 1872) tréithchineál QST 713, fospeiceas Aizawai de *Bacillus thuringiensis* tréithchineál ABTS-1857 agus tréithchineál GC-91, fospeiceas Israeliensis (séiritíopa H-14) de *Bacillus thuringiensis* tréithchineál AM65-52, fospeiceas Kurstaki de *Bacillus thuringiensis* tréithchineál ABTS 351, tréithchineál PB 54, tréithchineál SA 11, tréithchineál SA12 agus tréithchineál EG 2348, *Beauveria bassiana* tréithchineál ATCC 74040 agus tréithchineál GHA, clóidineafop, *Cydia pomonella* Granulovirus (CpGV), ciopróidínil, déchlórpróp-P, feinpiorocsamáit, foiseitil, malaitian, meapainipirim, meatconasól, meitrifeanón, pirimeacarb, *Pseudomonas chlororaphis* tréithchineál MA342, pirimeiteanail, *Pythium oligandrum* M1, riomsulfúrón, spionasad, *Trichoderma asperellum* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) tréithchineál ICC012, tréithchineál T25 agus tréithchineál TV1, *Trichoderma atroviride* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) tréithchineál T11, *Trichoderma gamsii* (ar a dtugtaí *T. viride* roimhe seo) tréithchineál ICC080, *Trichoderma harzianum* tréithchineál T-22 agus tréithchineál ITEM 908, tríchlóipir, tríneicseapac, tríthiaconasól agus sioram

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 17, an chéad mhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ([2]) na substaintí gníomhacha a mheastar a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/566 ón gCoimisiún ([3]), cuireadh síneadh le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha abaimeictin, *Bacillus subtilis* (Cohn 1872) tréithchineál QST 713, fospeiceas Aizawai de *Bacillus thuringiensis* tréithchineál ABTS-1857 agus tréithchineál GC-91, fospeiceas Israeliensis (séiritíopa H-14) de *Bacillus thuringiensis* tréithchineál AM65-52, fospeiceas Kurstaki de *Bacillus thuringiensis* tréithchineál ABTS 351, tréithchineál PB 54, tréithchineál SA 11, tréithchineál SA12 agus tréithchineál EG 2348, *Beauveria bassiana* tréithchineál ATCC 74040 agus tréithchineál GHA, clóidineafop, *Cydia pomonella* Granulovirus (CpGV), ciopróidínil, déchlórpróp-P, feinpiorocsamáit, foiseitil, meapainipirim, meatconasól, meitrifeanón, pirimeacarb, *Pseudomonas chlororaphis* tréithchineál MA342, pirimeiteanail, *Pythium oligandrum* M1, riomsulfúrón, spionasad, *Trichoderma asperellum* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) tréithchineál ICC012, tréithchineál T25 agus tréithchineál TV1, *Trichoderma atroviride* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) tréithchineál T11, *Trichoderma gamsii* (ar a dtugtaí *T. viride* roimhe seo) tréithchineál ICC080, *Trichoderma harzianum* tréithchineál T-22 agus tréithchineál ITEM 908, tríchlóipir, tríneicseapac, tríthiaconasól agus sioram go dtí an 30 Aibreán 2022. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1527 ón gCoimisiún ([4]), cuireadh síneadh le tréimhse formheasa na substainte gníomhaí malaitian go dtí an 30 Aibreán 2022.

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/566 ón gCoimisiún an 30 Márta 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh ar thréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha abaimeictin, Bacillus subtilis (Cohn 1872) straidhn QST 713, fospeiceas Aizawai de Bacillus thuringiensis straidhn ABTS-1857 agus straidhn GC-91, fospeiceas Israeliensis (séiritíopa H-14) de Bacillus thuringiensis straidhn AM65-52, fospeiceas Kurstaki de Bacillus thuringiensis straidhn ABTS 351, straidhn PB 54, straidhn SA 11, straidhn SA12 agus straidhn EG 2348, Beauveria bassiana straidhn ATCC 74040 agus straidhn GHA, clóidineafop, clóipirilid, Cydia pomonella Granulovirus (CpGV), cipróidinil, déchlórpróp-P, feinpiorocsamáit, foiseitil, meapainipiri, Metarhizium anisopliae (var. anisopliae) straidhn BIPESCO 5/F52, meatconasól, meitrifeanón, pirimicharb, Pseudomonas chlororaphis straidhn MA342, pirimeiteanail, Pythium oligandrum M1, riomsulfúrón, spionasad, Streptomyces K61 (ar a dtugtaí "S. Griseoviridis" roimhe seo), Trichoderma asperellum (ar a dtugtaí "T. Harzianum" roimhe seo) straidhn ICC012, straidhn T25 agus straidhn TV1, Trichoderma atroviride (ar a dtugtaí "T. Harzianum" roimhe seo) straidhn T11, Trichoderma gamsii (ar a dtugtaí "T. Viride" roimhe seo) straidhn ICC080, Trichoderma harzianum straidhn T-22 agus straidhn ITEM 908, tríchlóipir, tríneicseapac, tríthiaconasól agus sioram (IO L 118, 7.4.2021, lch. 1).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1527 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2017 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha ciafluifeanaimid, fluaipicilíd, heipteamalocsalaglúcan agus malaitian (IO L 231, 7.9.2017, lch. 3).

(3) Cuireadh isteach iarratais ar athnuachan fhormheas na substaintí sin i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún ([5]). Cé gur aisghaireadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 ón gCoimisiún ([6]), tá feidhm ag na forálacha a bhaineann le hathnuachan fhormheas na substaintí gníomhacha sin faoi mar a leagtar amach sa Rialachán go fóill i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740.

(4) Ós rud é gur cuireadh moill ar mheasúnú na substaintí gníomhacha sin ar chúiseanna nach bhfuil neart ag na hiarratasóirí orthu, is dócha go rachaidh na formheasanna atá ag na substaintí gníomhacha sin in éag sula mbeidh cinneadh déanta maidir lena n-athnuachan. Dá bhrí sin, is gá síneadh a chur lena dtréimhsí formheasa.

(5) Thairis sin, is gá síneadh a chur leis an tréimhse formheasa i gcás na substaintí gníomhacha clóidineafop, ciopróidínil, déchlórpróp-P, feinpiorocsamáit, foiseitil, meapainipirim, meatconasól, meitrifeanón, pirimeacarb, pirimeiteanail, spionasad, tríchlóipir, tríneicseapac, tríthiaconasól agus sioram chun an t-am is gá a chur ar fáil chun measúnú a dhéanamh i ndáil le hairíonna suaite inchríneach na substaintí gníomhacha sin i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 13 agus Airteagal 14 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012.

(6) A mhéid a bhaineann le cásanna ina bhfuil an Coimisiún le Rialachán a ghlacadh lena bhforálfar nach ndéanfar formheas substainte gníomhaí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a athnuachan toisc nach gcomhlíontar na critéir formheasa, is é an dáta atá le socrú ag an gCoimisiún mar dháta éaga an dáta céanna sin a bhí ann roimh an Rialachán seo nó dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin lena bhforáiltear nach ndéanfar formheas na substainte gníomhaí a athnuachan, cibé dáta acu sin is déanaí. A mhéid a bhaineann le cásanna ina bhfuil an Coimisiún le Rialachán a ghlacadh lena bhforálfar le haghaidh athnuachan substainte gníomhaí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, féachfaidh an Coimisiún leis an dáta cur i bhfeidhm is luaithe is féidir a shocrú, de réir mar is iomchuí sna himthosca. Tá an síneadh atá beartaithe teoranta don tréimhse a shonraítear chun an mheastóireacht a chur i gcrích.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2020 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún (IO L 392, 23.11.2020, lch. 20).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Cuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 mar a leanas:

(1) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 74, Sioram, cuirtear "an 30 Aibreán 2023" in ionad an dáta;

(2) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 89, Pseudomonas chlororaphis tréithchineál MA 342, cuirtear "an 30 Aibreán 2023" in ionad an dáta;

(3) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 90, Meapainipirim, cuirtear "an 30 Aibreán 2023" in ionad an dáta;

(4) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 123, Clóidineafop, cuirtear "an 30 Aibreán 2023" in ionad an dáta;

(5) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 124, Pirimeacarb, cuirtear "an 30 Aibreán 2023" in ionad an dáta;

(6) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 125, Riomsulfúrón, cuirtear "an 30 Aibreán 2023" in ionad an dáta;

(7) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 127, Tríthiaconasól, cuirtear "an 30 Aibreán 2023" in ionad an dáta;

(8) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 130, Ciopróidínil, cuirtear "an 30 Aibreán 2023" in ionad an dáta;

(9) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 131, Foiseitil, cuirtear "an 30 Aibreán 2023" in ionad an dáta;

(10) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 132, Tríneicseapac, cuirtear "an 30 Aibreán 2023" in ionad an dáta;

(11) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 133, Déchlórpróp-P, cuirtear "an 30 Aibreán 2023" in ionad an dáta;

(12) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 134, Meatconasól, cuirtear "an 30 Aibreán 2023" in ionad an dáta;

(13) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 135, Pirimeiteanail, cuirtear "an 30 Aibreán 2023" in ionad an dáta;

(14) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 136, Tríchlóipir, cuirtear "an 30 Aibreán 2023" in ionad an dáta;

(15) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 137, Meitrifeanón, cuirtear "an 30 Aibreán 2023" in ionad an dáta;

(16) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 138, *Bacillus subtilis* (Cohn 1872) tréithchineál QST 713, cuirtear "an 30 Aibreán 2023" in ionad an dáta;

(17) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 139, Spionasad, cuirtear "an 30 Aibreán 2023" in ionad an dáta;

(18) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 193, fospeiceas aizawai de *Bacillus thuringiensis* tréithchineál ABTS-1857 agus tréithchineál GC-91, cuirtear "an 30 Aibreán 2023" in ionad an dáta;

(19) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 194, fospeiceas israeliensis (séiritíopa H-14) de *Bacillus thuringiensis* tréithchineál AM65-52, cuirtear "an 30 Aibreán 2023" in ionad an dáta;

(20) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 195, fospeiceas kurstaki de *Bacillus thuringiensis* tréithchineál ABTS 351, tréithchineál PB 54, tréithchineál SA 11, tréithchineál SA 12 agus tréithchineál EG 2348, cuirtear "an 30 Aibreán 2023" in ionad an dáta;

(21) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 197, *Beauveria bassiana* tréithchineál ATCC 74040 agus tréithchineál GHA, cuirtear "an 30 Aibreán 2023" in ionad an dáta;

(22) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 198, *Cydia pomonella* Granulovirus (CpGV), cuirtear "an 30 Aibreán 2023" in ionad an dáta;

(23) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 202, *Pythium oligandrum* tréithchineál M1, cuirtear "an 30 Aibreán 2023" in ionad an dáta;

(24) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 204, *Trichoderma atroviride* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) tréithchineál T11, cuirtear "an 30 Aibreán 2023" in ionad an dáta;

(25) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 206, *Trichoderma harzianum* tréithchineál T-22 agus tréithchineál ITEM 908, cuirtear "an 30 Aibreán 2023" in ionad an dáta;

(26) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 207, *Trichoderma asperellum* (ar a dtugtaí *T. harzianum* roimhe seo) tréithchineál ICC012, tréithchineál T25 agus tréithchineál TV1, cuirtear "an 30 Aibreán 2023" in ionad an dáta;

(27) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 208, *Trichoderma gamsii* (ar a dtugtaí *T. viride* roimhe seo) tréithchineál ICC080, cuirtear "an 30 Aibreán 2023" in ionad an dáta;

(28) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 210, Abaimeictin, cuirtear "an 30 Aibreán 2023" in ionad an dáta;

(29) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 213, Feinpiorocsamáit, cuirtear "an 30 Aibreán 2023" in ionad an dáta;

(30) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 300, Malaitian, cuirtear "an 30 Aibreán 2023" in ionad an dáta.